



**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta  
agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)**

**Athbhreithniú ar Rátaí Deontais Caipitíochta do Bhunscoileanna aitheanta in 2020**

**1. Réamhrá**

Is é aidhm an chiorcláin seo na rátaí per capita athbhreithnithe a leagan amach a bhaineann le maoiniú deontas caipitíochta a dhéanfar a leithdháileadh ar Bhunscoileanna le héifeacht ón 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2020.

Tagann an ciorclán seo in áit Chiorclán 0034/2019.

**2. Aidhm an Deontais Chaipitíochta**

Is é atá i gceist le maoiniú caipitíochta ná cúnaimh a thabhairt i leith gnáthchostas reáchtála agus laethúla scoileanna agus dá réir sin ba chóir é a úsáid chun íoc as na costais ar rudaí cosúil le teas, solas, glanadh, árachas agus gnáthchúrsaí cothabhála i scoileanna. Chomh maith leis sin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé i gceist go mbainfeadh scoileanna úsáid as cuid den deontas chun cuidiú le hábhair agus acmhainní teagaisc a cheannach.

Is féidir féachaint ar mhaoiniú caipitíochta a chuirtear ar fáil do ghnáthchostais reáchtála agus ar mhaoiniú tánaisteach a chuirtear ar fáil do sheirbhísí airíochais agus rúnaíochta mar chomhdheontas as ar féidir leis an mBord Bainistíochta a leithdháileadh de réir a chuid tosaíochtaí féin. Féach Ciorclán 0040/2009 le haghaidh tuilleadh eolais atá ar fáil ar

<https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/?q=40/2009&t=id&f=&l=en>

Is é atá i gceist leis an deontas Seirbhísí Tánaisteach ná chun freastal ar chostas seirbhísí rúnaíochta agus airíochais. Tá na mionsonraí maidir leis an deontas seirbhísí tánaisteach leagtha amach i gclóirclán eile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Ba chóir maoiniú deontais a úsáid chun na críche ar cuireadh é ar fáil di i gcomhréir le ciorclán RCPA 13/2014.

**3. Rátaí Deontais Caipitíochta**

**3.1. Rátaí Caipitíochta Caighdeánach**

Is é ráta caighdeánach an deontais do scoilbhliain 2020/2021 €183 do gach dalta príomhshrutha le héifeacht ón 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2020.

**3.2. Rátaí Feabhsaithe Caipitíochta**

Chomh maith leis an méadú sa Chaipitíocht Chaighdeánach, méadóidh na rátaí feabhsaithe caipitíochta le héifeacht ón 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2020.

Tá na rátaí feabhsaithe caipitíochta iníoctha i leith daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta agus daltaí ar baill den lucht siúil iad atá bainteach le scoileanna príomhshrutha chun cuidiú leis na costais bhreise a bhaineann le costais reáchtála na seomraí ranga ina bhfuil sainsoláthar ag feidhmiú do líon beag daltaí. Braitheann na rátaí seo ar an leibhéal riachtanais ar leith atá i gceist. Tá an ráta príomhshrutha san áireamh sna rátaí atá luaite.

Tá na rátaí deontais athbhreithnithe ar fáil in Aguisín A.



#### **4. Modh leis an deontas caipitíochta a ríomh**

Íoctar an deontas caipitíochta foriomlán bunaithe ar rolluithe mhí Mheán Fómhair sa scoilbhliain reatha agus íoctar é in dhá thráthchuid, i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh gach bliain.

**Tabhair faoi deara:** Tá an deontas a íoctar le scoileanna beaga bunaithe ar íosrollú de 60 dalta.

##### **4.1. An Chéad Tráthchuid – Mí Eanáir**

Tá an chéad tráthchuid bunaithe ar 70% de rolluithe na scoilbhliana roimhe.

##### **4.2. An Dara Tráthchuid – Mí an Mheithimh**

Déantar an dara tráthchuid a ríomh i mí an Mheithimh ag baint úsáid as rolluithe na scoilbhliana reatha chun teidlíocht an deontais fhoriomláin don bhliain a shocrú. Ansin laghdaítear é sin de réir luach na chéad tráthchoda a íocadh i mí Eanáir.

##### **4.3. Socruithe do 2020**

Bhí an chéad tráthchuid den deontas a íocadh in 2020 bunaithe ar 70% de na rolluithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus an ráta caighdeánach per capita de €179 do gach dalta príomhshrutha. Beidh an dara tráthchuid atá le híoc i mí an Mheithimh 2020 bunaithe ar an ráta per capita athbhreithnithe de €183 do gach dalta príomhshrutha iníoctha le héifeacht ón 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2020. Cuireadh na socruithe céanna i bhfeidhm i dtaca leis an gcaipitíocht fheabhsaithe.

Féach Aguisín B le haghaidh samplaí a léiríonn ríomh na n-íocaíochtaí caighdeánacha Deontais Chaipitíochta a ndéantar tagairt dóibh thuas.

#### **5. Scaipeadh agus Ceisteanna.**

Cinntigh le do thoil go gcuirtear an Ciorclán seo faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Ba chóir ceisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a chur faoi bhráid Rannóg Airgeadais na Scoileanna ag [sdfinfo@education.gov.ie](mailto:sdfinfo@education.gov.ie).

Tom Deegan  
Príomhoifigeach  
Rannóg Airgeadais na Scoileanna

Meitheamh 2020



## Aguisín A

### Rátaí Scoilbhliain 2020/2021

Catagóir	01/09/2020	01/09/2020
	Faoi bhun 12 bhliain d'aois €	12 bhliain d'aois & os a cionn €
a) Ráta Príomhshruitha	183	183
b) Scoileanna Náisiúnta atá á gcoinneáil ag an OPW	73.20	73.20
c) Scoileanna Lán-Ghaeilge	206	206
<b>Rátaí feabhsaithe Caipitíochta</b>		
Lagú Radhairc	881	881
Lagú Éisteachta	881	881
Bodhar Amach is Amach	903	903
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshruitha)	469	699
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta)	585	881
Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach	881	881
Míchumas Foghlama Ginearálta Trom	903	903
Míchumas Foghlama ar Leith (Scoil Phríomhshruitha)	469	699
Míchumas Foghlama ar Leith (Scoil Speisialta)	585	881
Suaitheadh Mothúchánach	881	881
Suaitheadh Mothúchánach Trom	903	903
Míchumas Coirp	881	881
Uathachas/Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (ASD)	903	903
Neamhord ar Leith Urlabhra agus Teanga	881	881
Míchumais Iomadúla	903	903
Leanaí ar baill den Lucht Siúil iad	258	258
Imithe ó Smacht	903	903
Idirghabháil Luath ASD	903	903

*Tá an ráta príomhshruitha san áireamh sna rátaí atá luaite thuas*



## Aguisín B – Samplaí den mhodh le híocaíochtaí deontais chaipitíochta a ríomh do 2020 agus 2021.

### 1. Sampla 1 – Deontais chaipitíochta a ríomh do 2020.

Bhí an chéad tráthchuid den deontas a íocadh i mí Eanáir 2020 bunaithe ar 70% de rollú na ndaltaí den 30/09/18.

Tá an tráthchuid i mí an Mheithimh 2020 bunaithe ar rollú na ndaltaí den 30/09/19 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid mhí Eanáir.

<b>1.1</b>	<b>Rátaí Caipitíochta do 2020</b>	
(i)	Rátaí do gach dalta príomhshrutha le héifeacht ón 1/1/20	€179.00
(ii)	Rátaí do gach dalta príomhshrutha le héifeacht ón 1/9/20	€183.00
<b>1.2</b>	<b>Tráthchuid Mhí Eanáir 2020</b>	
(iii)	Rollú na ndaltaí príomhshrutha ar an 30/9/18	120
(iv)	Ráta do gach dalta príomhshrutha	€179
(v)	(€179 x 120 dalta príomhshrutha) X 70%	€15,036.00
(vi)	<b>Iomlán le híoc i dtráthchuid mhí Eanáir 2020</b>	<b>€15,036.00</b>
<b>1.3</b>	<b>Tráthchuid Mhí an Mheithimh 2020</b>	
(vii)	Rollú na ndaltaí príomhshrutha ar an 30/9/19	130
(viii)	Ráta do gach dalta príomhshrutha ón 1/1/20-31/8/20 (8 mí)	€179
(ix)	Ráta do gach dalta príomhshrutha ón 1/9/20 - 31/12/20 (4 mhí)	€183
(x)	(€179 x 130 dalta príomhshrutha) ar feadh 8 mí	€15,513.33
(xi)	(€183 x 130 dalta príomhshrutha) ar feadh 4 mhí	€7,930.00
(xii)	Caipitíocht bhliantúil fhoriomlán le híoc in 2020	€23,443.33
(xiii)	lúide tráthchuid mhí Eanáir ag (vi) thuas	€15,036.00
(xiv)	<b>Iomlán le híoc i mí an Mheithimh 2020</b>	<b>€8,407.33</b>

### 2. Sampla 2 – Deontais chaipitíochta a ríomh do 2021

Tá tráthchuid mhí Eanáir 2021 bunaithe ar 70% de rollú na ndaltaí den 30/09/19.

Tá tráthchuid mhí an Mheithimh 2021 bunaithe ar rollú na ndaltaí den 30/09/20 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid mhí Eanáir.

<b>2.1</b>	<b>Rátaí Caipitíochta do 2021</b>	
(i)	Rátaí do gach dalta príomhshrutha le héifeacht ón 1/9/20	€183.00
<b>2.2</b>	<b>Tráthchuid Mhí Eanáir 2021</b>	
(ii)	Rollú na ndaltaí príomhshrutha ar an 30/9/19	120
(iii)	Ráta do gach dalta príomhshrutha	€183
(iv)	(€183 x 120 dalta príomhshrutha) X 70%	€15,372.00
(v)	<b>Iomlán le híoc i dtráthchuid mhí Eanáir 2021</b>	<b>€15,372.00</b>
<b>2.3</b>	<b>Tráthchuid Mhí an Mheithimh 2021</b>	
(vi)	Rollú na ndaltaí príomhshrutha ar an 30/9/20	130
(vii)	Ráta do gach dalta príomhshrutha ón 1/1/21-31/12/21	€183
(viii)	€183 x 130 dalta príomhshrutha	€23,790.00
(ix)	Caipitíocht bhliantúil fhoriomlán le híoc in 2021	€23,790.00
(x)	lúide tráthchuid mhí Eanáir ag (v) thuas	€15,372.00
(xi)	<b>Iomlán le híoc i mí an Mheithimh 2021</b>	<b>€8,418.00</b>